Údarás na Gaeltachta

# Deis Taithí Oibre

# Rannóg Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá deis taithí oibre ar chonradh oiliúna á thairiscint ag Údarás na Gaeltachta i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise.

Beidh an deis taithí oibre seo curtha ar fáil do dhuine cumasach le cáilíochtaí agus taithí cuí le líofacht Ghaeilge. Beidh an rogha acu chun oibriú in aon cheann d'oifigí Údarás na Gaeltachta (Gaoth Dobhair, Béal a' Mhuirthead, Na Forbacha nó Daingean Uí Chúis) ar feadh tréimhse 3- 7 mhí.

Is deis í seo taithí phraiticiúil a fháil i cúrsaí cibearshlándáil, líonrú ríomhairí, bogearraí agus córais TF. Is deis í seo freisin chun eolas a fháil ar eagraíochtaí atá ag freastal ar an bpobal Ghaeltachta agus ar an obair a bhíonn ar bun acu.

**Bheadh na tréithe a leanas ag an iarrthóir:**

- Scileanna agus cáilíochtaí i réimse na teicneolaíochta faisnéise
- Sárscileanna ríomhaireachta agus tuiscint ar an earnáil TF ó thaobh slándáil, bainistíocht sonraí, bogearraí agus córais TF.
- Duine a bheidh in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa
- Tuiscint ar obair Údarás na Gaeltachta

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
Ríomhphost: foluntais@udaras.ie

https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar 13 Feabhra 2026**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*